C/2025/2027

4.4.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2027)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Alcachofa de Benicarló / Carxofa de Benicarló’

Uimh. AE: PDO-ES-0202-AM01 - 10.3.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Alcachofa de Benicarló / Carxofa de Benicarló’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach Faoi Chosaint (TGFC)

☐ tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Consejería de Agricultura, Agua, Ganadería y Pesca [Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Uisce, Beostoic agus Iascaigh]

—

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143:

I gcomhréir le hAirteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143, is leasú caighdeánach é toisc:

a) nach n-áirítear leis athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

b) baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

c) nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Is é an toradh atá ar an leasú seo athrú ar an doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Níl ach cineálacha luatha atá bán i dteideal a bheith mar an táirge faoi chosaint (bláthchinn). Go dtí seo, is é an cineál 'Blanca de Tudela' an cineál is coitianta a cuireadh, agus ba é sin an chúis leis an tagairt shonrach dó sa tsonraíocht táirge, ós rud é gurbh é an t-aon chineál é a cláraíodh in ATFC 'Alcachofa de Benicarló'.

Déantar iomadú trí chorónacha agus péacáin fréimhe a chur. Is éard atá i gceist leis an athrú atá beartaithe córas pórúcháin malartach a cheadú trí shíológa a chur ó phlandlanna deimhnithe de chineálacha luatha atá bán, ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais reatha na sonraíochta táirge.

1. An fhoclaíocht a shimpliú

Sa chéad mhír de Roinn B 'Tuairisc ar an táirge', cuireadh 'eile' le 'ceanglais' ar mhaithe le tuiscint níos fearr.

Sa dara mír de Roinn B 'Tuairisc ar an táirge', scriosadh an méid seo a leanas: 'i gcás ina n-aimsítear "Blanca de Tudela" agus a chuid éagsúlachtaí idir "Benicarlò", "del Prat", agus "de Reus".'

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

2. Athrú ar na coinníollacha plandaithe

Sa chéad mhír de Roinn E 'Modh táirgthe', pointe b 'Plandú', cuireadh an méid seo a leanas isteach: 'nó plandaí ó phlandlanna údaraithe i gcás na gcineálacha sin a iomadaítear le síolta.'

Sa mhír dheireanach de Roinn E 'Modh táirgthe', pointe b 'Plandú', cuireadh an méid seo a leanas isteach: 'Déantar na cineálacha síolta a chur sa phlandlann idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh. Athphlandaítear na plandaí go dtí an pháirc idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa. Chomh maith leis sin, cineálacha gearrthóg a iomadaítear le gearrthóga a chur...'. Baineadh teorainneacha maidir le dlús plandaithe.

Sa mhír dheireanach de roinn E 'Modh táirgthe', pointe b 'Plandú', scriosadh an tagairt don mheándlús in aghaidh an heicteáir toisc nach bhfuil sé infheidhme faoi láthair.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

3. Athrú ar na coinníollacha atáirgthe

I Roinn F 'Nasc', pointe c 'Dálaí fáis agus/nó táirgeadh', cuireadh 'i ngach céim ar a dtugtar tuairisc' in ionad na foclaíochta 'ó roghnú na ngearrthóg ag na feirmeoirí féin' chun oiriúnú don leasú chun modh saothraithe nua a chur san áireamh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. An Struchtúr Cigireachta a thabhairt cothrom le dáta

Sonraí cothrom le dáta ón Struchtúr Cigireachta.

Ainm: Consejo Regulador de la Denominación de Origen Protegida 'Alcachofa de Benicarló' [Comhairle Rialála um Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint 'Alcachofa de Benicaló']

Seoladh: César Cataldo, 2 – 1º, 12580 BENICARLÓ (Castellón)

Teil. +34 964461674

Facs +34 964461674

Ríomhphost: alcachofablo@alcachofabenicarlo.com

Leathanach gréasáin: www.alcachofabenicarlo.com

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

5. Reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta

Le Dlí 10/2006, an 26 Nollaig 2006 ó Generalitat Valenciana, maidir le Bearta Fioscacha, agus Bainistíocht

Riaracháin agus Airgeadais, agus maidir le hEagrú an Generalitat, i gcaibidil XVII de dar teideal 'Córais cháilíochta agraibhia a chosaint', rialaítear bainistiú, rialú agus deimhniú ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus talmhaíochta orgánaí.

Foraithne Consell 222/2007 an 9 Samhain 2007, lena leagtar síos rialacha a bhaineann le Comhairlí Rialála nó Comhlachtaí Bainistíochta na n-ainmniúchán cáilíochta i bPobal Féinrialaitheach Valencia.

Foraithne Consell 46/2010 an 12 Márta 2010, lena leasaítear Airteagal 4(4); Airteagal 6(3); Airteagal 7(1), (3) agus (5), Airteagal 8(1) agus Airteagal 11(2), (3), (4) agus (5) d'Fhoraithne Consell 222/2007 an 9 Samhain 2007.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

'Alcachofa de Benicarló / Carxofa de Benicarló'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 07 - GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE ATÁ INITE

— 08 - TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

— 10 - GRÁNAIGH

— 11 - TÁIRGÍ AN TIONSCAIL MHUILLEOIREACHTA; BRAICH; STÁIRSÍ; IONÚILIN; GLÚTAN CRUITHNEACHTA

— 20 - ULLMHÓIDÍ GLASRAÍ, TORTHAÍ, CNÓNNA NÓ CODANNA EILE DE PHLANDAÍ

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Bláthchinn an bhliosáin (*Cynarus Scolymus* L), a bheartaítear a ithe úr agus bláthchinn aicmí 'Extra' agus 'I'.

Is iad na cineálacha luatha atá bán na cineálacha atá le cosaint. Tugtar 'luath' orthu toisc gur féidir leo tosaithe a bheith faoi bhláth san fhómhar, agus iad fós faoi bhláth sa gheimhreadh agus san earrach.

Maidir le saintréithe an táirge, bláthchinn, seachas an chuma álainn atá orthu ar an taobh amuigh, tá siad dlúth agus néata, agus tá frithsheasmhacht níos airde acu freisin i ndáil le donnú tar éis na gais a ghearradh.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní mór an táirge a phléitear san iarratas seo a bheith fásta laistigh den limistéar geografach críochaithe.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ullmhú láithreán: Roghnaítear agus ullmhaítear dáileachtaí talún ionas gur féidir bliosáin a fhás orthu ar feadh 2 nó 3 bliana. Déantar domhaintreabhadh uair nó dhó chun aeráil mhaith agus tréscaoilteacht chríochnúil na hithreach a áirithiú. Ina dhiaidh sin, úsáidtear uirlis churaíochta chun dromchla na hithreach a bhriseadh suas agus na claiseanna a ullmhú le haghaidh plandú níos déanaí. Cuirtear feabhsaitheoir orgánach ithreach 20 lá ar a laghad roimh phlandú.

Plandú: Úsáidtear an córas iomadaithe trí bhíthin gearrthóga a dhíorthaítear ó mháthairphlandaí arna roghnú ag na

feirmeoirí féin nó ag plandaí ó phlandlanna údaraithe i gcás na gcineálacha sin a iomadaítear ó shíol. Chun gearrthóga a ullmhú nuair a bheidh an bhuaint curtha i gcrích agus nuair a bheidh stop curtha leis an uisciú, i.e. a luaithe a bheidh na plandaí 'lignithe', déanfar na máthairphlandaí roghnaithe a stoitheadh. Faigheann feirmeoirí idir ceithre agus sé ghearrthóg ó riosóm máthairphlanda. Déantar na cineálacha síolta a chur sa phlandlann idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh. Athphlandaítear na plandaí go dtí an pháirc idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa. Déantar gearrthóga de na cineálacha a iomadaítear le gearrthóga a chur de láimh le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa.

Leasú: Bonnleasú le linn ullmhú an láithreáin. Cuirtear barrleasú i bhfeidhm ar feadh an tséasúir, ag brath ar riachtanais na bplandaí.

Buaint: Tarlaíonn an bhuaint go leanúnach ó mhí Dheireadh Fómhair go mí Aibreáin. Déantar í de láimh le scian. Roghnaítear agus gearrtar bliosáin, ag coinneáil cuid dá ngais níos lú ná 10 cm, agus ansin cuirtear i gciseáin iad. Nuair a bheidh na ciseáin lán, folmhaítear iad go cúramach i mboscaí plaisteacha agus seoltar chuig na hionaid phróiseála iad a luaithe is féidir.

Pacáistiú: Sna tithe pacála, roghnaítear an táirge, ansin aicmítear é agus pacáiltear é de réir na gcatagóirí.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Cuirfear stiallacha pacáistíochta ar fáil d'úinéirí ionad próiseála, nach mór dóibh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Alcachofa de Benicarló' agus a lógó féin a thaispeáint go soiléir, mar aon le lipéad uimhrithe nach mór a ghreamú roimh sheoladh i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos ag an gComhairle Rialála, gan beann ar an gcineál pacáistíochta ina seoltar na bliosáin lena dtomhailt.

Is é seo a leanas an lógó TGFC nach mór a bheith ar an lipéad:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is éard atá sa limistéar táirgeachta bardais Benicarló, Cálig, Peñíscola agus Vinaròs, bardais atá ar fad gar don chósta agus atá suite i réigiún 'Baix Maestrat' a bhaineann le cúige Castellón (Pobal Féinrialaitheach Valencia). Cumhdaíonn an limistéar táirgeachta iomlán 25 129 heicteár faoi láthair, ina bhfuil thart ar 16 000 heicteár de sin saothraithe le 3 800 heicteár de bharra glasraí, ina bhfuil níos mó ná 18 % de sin á n-úsáid chun an bliosán a shaothrú. Is ionann an limistéar próiseála agus an limistéar táirgeachta.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Stairiúil

Is táirge é an bliosán a bhfuil traidisiún fada aige, go príomha i gcathair Benicarló. Tá sé oiriúnaithe go foirfe don limistéar, agus léirítear a thábhacht áitiúil in armas bardasach Benicarló, ar a bhfuil planda bliosáin le feiceáil. Tá an íomhá seo den bhliosán agus a phlanda an-ársa, agus creidtear go dtéann sí siar go dtí an 13ú haois. Thug an luibheolaí Cabanilles 'Scolymus hispanicus' orthu agus dúirt sé go raibh rath orthu le linn a thréimhse (deireadh an 18ú haois) sna tailte uiscithe ar fud Valencia.

Thosaigh táirgeadh agus margaíocht reatha an bhliosáin leathchéad bliain ó shin, ag deireadh na 1940idí, nuair a mhothaigh feirmeoirí a raibh taithí acu go raibh siad in ann é a shaothrú ar scála mór, de réir mar a leathnaigh trádáil agus de réir mar a tháinig rochtain ar mhargaí a bhuí le córas iompair.

An timpeallacht nádúrtha

Fásann an bliosán a shaothraítear laistigh de bhardais an ainmniúchán tionscnaimh faoi dhálaí optamacha. Tairbhíonn sé de dhálaí aeráide sonracha an limistéir agus de shaintréithe ithreach na machairí cósta i dtuaisceart Phobal Féinrialaitheach Valencia.

Rilíf

Is limistéar cósta é ina bhfuil fánaí réidhe de mheánghrádán 2 %, atá cosanta ag sliabhraon.

Ithir

Tá an bhuncharraig déanta as aolchloch, arb é is saintréith di pH atá beagán alcaileach agus uigeacht dúrabháin.

An aeráid

Í ina haeráid thirim, fho-bhogthais, mhuirí, aeráid de chuid na Meánmhara le geimhrí éadroma gan bheith te agus baol beag sioca ann. Is é 400 mm an mheánbháisteach bhliantúil agus dáiltear go neamhrialta í, rud a fhágann gur gá uisce a thabhairt isteach le haghaidh uiscithe.

Sna dálaí sin, agus le saothrú mionchúiseach, éiríonn leis na cineálacha bána bláthchinn a fhorbairt a bhfuil cáilíochtaí uathúla acu. Chomh maith leis an gcuma dhlúth agus néata atá ar bhliosán an limistéir ar an taobh amuigh, tá frithsheasmhacht níos mó aige i ndáil le donnú tar éis é a ghearradh, cáilíocht a bhfuil meas mór uirthi sa cheird.

Is de láimh agus ar bhealach mionchúiseach a dhéantar an saothrú, ó roghnú na ngearrthóg ag na feirmeoirí go dtí an bhuaint, nuair a roghnaítear na bliosáin atá le buaint ag a bpointe optamach gach lá. Déanann na feirmeoirí na céimeanna seo go cúramach, agus gach ní eile lena mbaineann, mar thoradh ar ghairmiúlacht agus ar thraidisiún roinnt glúnta.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://breu.gva.es/b/v2CsPP2KhJ